C/2024/3274

23.5.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11433 — SÜWAG / ALTERRIC / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3274)

1. An 14 Bealtaine 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Süwag Grüne Energien und Wasser AG & Co. KG ('Süwag'), faoi rialú E.ON SE (an dá ghnóthas lonnaithe sa Ghearmáin), agus

— Alterric Deutschland GmbH ('Alterric'), faoi rialú EWE AG (an dá ghnóthas lonnaithe sa Ghearmáin).

Gheobhaidh Süwag agus Alterric rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar chuideachta comhfhiontair.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Táirgeann Süwag fuinneamh, oibríonn sé líonraí fuinnimh agus soláthraíonn sé leictreachas, gás agus teas do chustaiméirí deiridh,

— Déanann Alterric gléasraí fuinnimh gaoithe a phleanáil, a thógáil, a oibriú agus a chothabháil, agus soláthraíonn sé leictreachas.

3. Beidh an chuideachta comhfhiontair gníomhach i bpleanáil, i dtógáil agus in oibriú gléasraí fuinnimh gaoithe agus i soláthar leictreachais.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11433 — SÜWAG / ALTERRIC / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË